Scoileanna Ildánacha Creative Schools

Creativity Lives Here!

Tá **Beocht na Cruthaitheachta** Anseo!

Is éard atá i gceist le **Seachtain na Scoileanna Ildánacha** ná ceiliúradh a dhéanamh ar chruthaitheacht sna scoileanna timpeall na hÉireann. Cuirtear deis ar fáil chun an saothar iontach, cruthaitheach go léir atá ar bun i ngach scoil agus i ngach comhthéacs a roinnt, a thaispeáint agus a nascadh le chéile. Tá rannpháirtíocht sa cheiliúradh náisiúnta seo oscailte do gach scoil agus do gach comhthéacs agus cuirtear fáilte mhór romhaibh chun páirt a ghlacadh.

Conas is Féidir liom mo chuid Daltaí a Spreagadh le bheith Rannpháirteach?

Mar thúsphointe don cheiliúradh, d'fhéadfaí an tslí is fearr chun Seachtain na Scoileanna Ildánacha a cheiliúradh a fhiosrú leis na leanaí agus leis na daoine óga sa scoil/ionad ach cúpla ceist a chur orthu mar atá thíos. Nó níos fearr fós - d'fhéadfá Grúpa Comhairleach Ceiliúrtha a bhunú agus daltaí mar ionadaithe air.

Cuir ceist ar na daltaí:

- Cad a chiallaíonn sé a bheith cruthaitheach, dar libh féin?
- Cad é an rud ab fhearr libh faoi pháirt a ghlacadh i Seachtain na Scoileanna Ildánacha?
- An bhfuil rud éigin cruthaithe agaibh ba mhaith libh a roinnt leis an rang, an scoil, bhur dteaghlaigh, an pobal?
- Conas is féidir linn lucht spéise níos leithne a shroicheadh agus ár gcruthaitheacht a roinnt agus scaradh sóisialta ar siúl?
- Cad ba mhaith libh a fhiosrú, a chur ar stáitse, a thaispeáint, a chur i láthair, a chur os comhair an phobail, cé na ceardlanna nó na taispeántais ba mhaith libh a eagrú?

Úsáid...

- Tobsmaointeoireacht
- Ceardlanna
- Ceistneoirí
- Suirbhéanna
- Fócasghrúpaí beaga

Cibé rud a oirfidh do do scoil/d'ionad dar leat féin.

Conas is féidir linn Seachtain na Scoileanna Ildánacha a cheiliúradh?

Má tá ábhar cruthaithe agaibh cheana a d'fhéadfaí a thaispeáint le linn Sheachtain na Scoileanna Ildánacha, tá sé sin iontach! B'fhéidir go bhféadfadh sibh féachaint air arís, snas a chur air nó é a thaispeáint!

Nó d'fhéadfá an téama 'Tá Beocht na Cruthaitheachta Anseo' a úsáid chun roinnt saothar nua a bhunú air. Féach laistigh den scoil d'fhonn fáil amach an bhfuil daoine cumasacha nár baineadh leas astu, b'fhéidir go bhfuil múinteoir nó tuismitheoir ann, a bheadh sásta cabhrú libh le bhur gceiliúrthaí a eagrú le haghaidh Sheachtain na Scoileanna Ildánacha.

Tá raidhse foirmeacha ealaíne ann agus gnéithe éagsúla le gach ceann acu. Ná déan dearmad gur gníomhaíochtaí thar a bheith cruthaitheach freisin iad an cheardaíocht agus gníomhaíochtaí praiticiúla eile mar chócaireacht agus garraíodóireacht!